Tithe an Oireachtais
Houses of the Oireachtas

Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus na nOileán

32ú Dáil Éireann / 25ú Seanad Éireann

Tuarascáil ar an Toscaireacht chuig Inis Mór, Oileáin Árann, Contae na Gaillimhe ar an 8 Bealtaine 2017

Meán Fómhair 2017

32GGO/02

Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus na nOileán

32ú Dáil Éireann / 25ú Seanad Éireann

Tuarascáil ar an Toscaireacht chuig Inis Mór, Oileáin Árann, Contae na Gaillimhe ar an 8 Bealtaine 2017

Meán Fómhair 2017

32GGO/02

Innéacs

Innéacs 1

Réamhrá 2

1. Moltaí 3

2. Comharchumann Forbartha Árann, Comhlachas na gComharchumann agus Comhlachtaí Pobalbhunaithe Eile 6

3 Tograí Éagsúla 10

3.1 Páirc Spraoi agus Spóirt 10

3.2 Naíolann Árann 10

3.3 Breosla Árann 11

3.4 Ionad Athchúrsála 11

3.5 Cé Chill Rónáin 11

4. Na Trí Mheánscoil ar na hOileáin Árann 12

5. Dún Aonghasa 14

Aguisín 1: Comhaltaí an Choiste 15

Réamhrá

Ag a chruinniú ar an 21 Márta 2017 chomhaontaigh Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus na nOileán (An Comhchoiste) go rachadh toscaireacht ón gComhchoiste go hInis Mór, Contae na Gaillimhe ar an Luan, 8 Bealtaine 2017.

Bhí sé mar aidhm ag an gComhchoiste cúrsaí ar na hOileáin Árann a phlé leis na háitritheoirí agus na tosca éagsúla a bhain le stádas na Gaeilge ar na hOileáin Árann agus a bhain le cúrsaí forbartha pobail, oideachais, fóillíochta agus fostaíochta a fheiceáil.

Chomhaontaigh an Comhchoiste an Clár seo a leanas:-

Dé Luain, 8 Bealtaine 2017 –

- 8.30 Fágáil Aer Phort na Minne, Contae na Gaillimhe;
- 8.45 Tuirlingt ar Inis Mór, Contae na Gaillimhe;
- 9.00 Fáilte in oifigí Chomharchumann Forbartha Árann;
- 9.30 Cur i láthair ó Chomharchumann Forbartha Árann, ó Chomhlachas na gComharchumann agus ó chomhlachtaí pobalbhunaithe eile;
- 10.15 Turas ar tograí áitiúla –
  - (1) Páirc spraoi agus spóirt,
  - (2) Breosla Árann,
  - (3) Ionad athchúrsála,
  - (4) Naíolann Árann,
  - (5) Cé Chill Rónáin;
- 12.30 Cruinniú leis na meánscoileanna ar na hoileáin Árann;
- 13.30 Lón;
- 14.45 Cuairt ar Ionad Dhún Aonghusa;
- 16.45 Fágáil an oileán.

Ghlac an Teachta Dála Catherine Connolly (Cathaoirleach), an Teachta Dála Fergus O' Dowd, an Teachta Dála Peadar Tóibín, An Seanadóir Rónán Mullen, An Seanadóir Trevor Ó Clochartaigh, An Seanadóir Brian Ó Domhnaill agus An Seanadóir Joe O Reilly páirt sa toscaireacht.

_____
Catherine Connolly TD
Cathaoirleach an Choiste
26 Meán Fómhair 2017

1. Moltaí

I dtuairim an Chomhchoiste, d'éirigh thar barr leis an toscaireacht chuig Inis Mór agus bhí na comhaltaí níos mó ná sásta leis an eolas a bhfuair siad; bhíodar thar a bheith buíoch as na hionadaithe a bhuail leo agus a roinn a dtuairimí leo.

Bíodh sé bainteach le hoideachas nó le fiontraíocht áitiúil, ghlac an Comhchoiste leis go raibh dúshláin móra ann do na hOileáin Árann, acmhainní airgid agus laghdú daonra ach go háirithe.

Anuas ar sin bhí dúshláin ann do mhuintir na nOileán Árann agus do mhuintir na n-oileán eile nárbh amhlaidh do cheantair tuaithe eile nach oileáin iad. Tá na dúshláin seo anois mar mhórbhagairt ar an teanga, ach go háirithe, agus ar inmharthanacht na nOileán Árann i gcoitinne. Tá an Comhchoiste níos mó ná sásta aon chabhair a thabhairt ach moltaí a fháil ó na páirtithe leasmhara.

Mar thoradh ar an toscaireacht seo, tá an Comhchoiste ag cur na sé mholadh déag seo a leanas ar aghaidh:-

(1) Go mbuailfeadh an tAire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta le hionadaithe ó na hOileáin Árann chun cúrsaí na n-oileán a phlé leo;

(2) Go n-aithneodh an Rialtas go poiblí go bhfuil meath leanúnach ag teacht ar dhaonra na nOileán Árann agus go bhfuil géarghá le hidirghabháil práinneach chun dul i ngleic leis an bhfadhb seo láithreach;

(3) Go n-aithneodh an Rialtas go poiblí go bhfuil deiseanna fostaíochta de dhíth ar na hOileáin Árann i bhfad níos mó ná in áiteanna eile in Éirinn agus go bhfuil géarghá le líon na bpost ar na hOileáin Árann a mhéadú agus a chaomhnú le gníomhartha réamhghníomhacha agus fóinteacha – go bhfuil gá leis na gníomhartha seo do dhaoine óga ar leith;

(4) Go bhfaighidh Comharchumann Forbartha Árann, Comhlachas na gComharchumann agus na comhlachtaí pobalbhunaithe eile dóthain airgeadú chun feidhmiú go héifeachtach ar leas an phobail ar na hOileáin Árann;

(5) Go gcoimeádfar caighdeán arda sheirbhísí taistil go dtí na hOileáin Árann agus ó na hoileáin go dtí an mhíntír, go mbeidh buannacht, spleáchas agus sábháilteacht ag baint leo agus go mbeidh seirbhísí tráthrialta ar fáil thar an bhliain iomlán;

(6) Go socrófar na costais taistil ar na daoine áitiúla ar bhonn inacmhainne ionas nach mbeidh sé mar mhíbhuntáiste breise orthu a bheith ina gcónaí ar na hOileáin Árann seachas ar an míntír – is é sin do dhaoine a bhíonn ag taistil gach lá, do dhaoine a bhíonn ag freastail ar chúrsaí leighis nó ar chúrsaí oideachais, do dhaoine nach bhfuil post nó post lán-aimseartha acu, agus do phinsinéirí.

(7) Go bhfuil gá bhonneagar na nOileán Árann a uasdátú ar bhonn leanúnach agus go práinneach, an córas leathanbhanda san áireamh;

(8) Go dtabharfar gach tacaíocht d'earnáil na feamainne ar Oileáin Árann ar bhealach a dhéanfaidh leas do mhuintir na háite;

(9) Go dtabharfaidh an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt gach uile chúnamh chun tithe samhraidh breise agus áiteanna eile le fanacht a sholáthar i gcomhair thurasóirí ar na hOileáin Árainn;

(10) Go dtabharfaidh an tAire Oideachais agus Scileanna gach uile chúnamh chun líon an lucht freastail sna coláistí samhraidh ar na hOileáin Árainn a ardú agus níos mó daltaí de gach aois a mhealladh iontu;

(11) Go bhfuil gá leis an Aire Oideachais agus Scileanna féachaint ar an bhfadhb ar leith atá ag na scoileanna ar na hOileáin Árann agus ar na hoileáin eile timpeall na tíre maidir le líon na bpáistí agus na seirbhísí atá ar fáil dóibh – go mbeidh an tAire sásta cúnamh cuí a thabhairt dóibh agus díolúine a thabhairt dóibh mar is gá chun na scoileanna sin a choimeád ar oscailt agus chun an chéad ghlúin eile ar na hOileáin Árann agus ar na hoileáin Gaeltachta eile a bheith ina gcainteoirí dúchasacha;

(12) Go n-aithneodh an tAire Oideachas agus Scileanna go bhfuil costais ar leith ar scoileanna ar na hOileáin Árann agus ar na hoileáin eile agus go gcuireann na costais breise sin isteach ar gach rud a dhéantar sa scoil – foireann chuí atá cáilithe a mhealladh, curaclam leathan a chur ar fáil, seirbhísí breise a sholáthar do na daltaí; foirgnimh a thógáil agus a dheisiú, áiseanna cuí a bheith ann, srl;

(13) Go ndéanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe athbhreithniú ar a chuspóir tithe a thógáil ar an áit ar Inis Mór atá roghnaithe aige faoi láthair agus go dtabharfaidh an Chomhairle an suíomh seo do mhuintir an oileáin mar shuíomh le páirc spraoi agus spóirt agus go dtabharfaidh an Chomhairle tacaíocht chun an suíomh a fhorbairt;

(14) Go gcuirfear nasc i bhfad níos dlúithe agus níos éifeachtaí i bhfeidhm idir na Ranna agus na hoifigí Rialtais éagsúla, na hOileáin Árann agus na hoileáin eile;

(15) Go gcuirfear polasaithe éifeachta i bhfeidhm chun an Ghaeilge agus an saol Gaelach ar na hOileáin Árann agus ar na hoileáin Gaeltachta eile a chosaint, a fhorbairt agus a láidriú ar bhonn leanúnach;

(16) Go dtabharfar gach uile chúnamh do Chomharchumann Forbartha Árann úsáid fóinteach a bhaint as na tithe folmha in aice le Naíolann Árann.

2. Comharchumann Forbartha Árann, Comhlachas na gComharchumann agus Comhlachtaí Pobalbhunaithe Eile

Bhí cruinniú ag an toscaireacht le Comharchumainn Forbartha Árann, Comhlachas na gComharchumann, Meitheal Oibre Chill Éinne, Áras Rónáin, Naíonra Árann, An Coiste Spóirt, Halla Rónáin, An Coiste Calafoirt agus an Comhar Creidmheasa Árainn.

Thug an Comharchumann cur i láthair agus leanadh seo le díospóireacht fhóinteach idir an toscaireacht agus na daoine áitiúla a bhí i láthair. Bhí deis ag an toscaireacht ceisteanna a chur, agus na dúshláin, deacrachtaí agus deiseanna a bhí ann a phlé.

Bunaíodh Comharchumann Forbartha Árann i 1991 le díriú isteach ar na heaspaí caiteachais, bonneagair agus fostaíochta ar na hOileáin Árann.

Thug an Comharchumann léargas ar a ghníomhaíochtaí agus ar fhorbairtí agus dúshláin sna réimsí seo a leanas:-

(1) Teanga, oidhreacht agus cultúr;

(2) Fiontair áitiúla agus fostaíocht;

(3) Cúrsaí oideachais;

(4) Caomhnú na timpeallachta;

(5) An pobal i gcoitinne, ógánaigh agus daoine aosta.

Thug an Comharchumann achoimre ar na tograí éagsúla a bhíodh ar súil aige chun caidreamh leanúnach a chothú leis an bpobal i gcoitinne.

Dhún an stáisiún peitril príobháideach ar Inis Mór in 2006 agus d'fhág seo muintir an oileáin gan peitreal ná díosal agus i gcruachás. Ba ghá teacht ar réiteach gan mhoill agus in 2008, i ndiaidh mhaoiniú agus cead pleanála a fháil, bunaíodh Breosla Árann agus osclaíodh stáisiún dáileacháin díosal chun freastail ar riachtanais breosla muintir an oileáin.

Osclaíodh Ionad Fiontair Cholm Ó hIarnáin in 2007 agus ó shin i leith tá oifigí leasa pobail, seomra cruinnithe, leabharlann phoiblí agus oifigí a chuirtear ar chíos mar áiseanna don phobal.

Cuireann Áras Rónáin tithe sóisialta agus cúram lánaimseartha ar fáil do sheandaoine. Tá áit chónaithe ann do dháréag mar aon le seirbhísí chúram lae trí uair sa tseachtain, má tá éileamh ann dóibh. Anuas ar seo, tá ceithre aonad déag ann dóibh siúd ar mhian leo cónaigh ann go neamhspleách.

I ndiaidh deireadh tar éis teacht le seirbhís bhus príobháideach ar Inis Mór in 1994, bhí muintir an oileáin gan seirbhís rí-thábhachtach agus iarradh ar an gComharchumann seirbhís bus poiblí a reáchtáil. Cheannaíodh bus nua le cabhair dheontais ó Roinn na Gaeltachta agus tá seirbhís iompair ann anois sé lá sa tseachtain a shásaíonn riachtanais an phobail.

Cé go raibh sé soiléir ón gcur i láthair nár mhion-éacht a bhí déanta ag an gcomharchumann ó 1991 i leith, tugadh le fios go raibh dúshláin, nár bheag iad, fós ann, agus go raibh géarghá teacht tharstu gan mhoill. Luadh na dúshláin seo a leanas ach go háirithe:-

(1) Leibhéal seirbhíse aeir agus a luach don Stát;

(2) Conradh buan báid farantóireachta;

(3) Meath ar dhaonra an oileáin;

(4) Brú ar scoileanna go mór mór i dtaobh líon na ndaltaí;

(5) Maoiniú leordhóthanach don chomharchumann;

(6) Méadú agus caomhnú fostaíochta, go mór mór le daoine óga;

(7) Córas leathanbhanda neamhéifeachtach;

(8) Soláthar bonneagair ar na hOileáin Árann.

Thug Comhlachas na gComharchumainn agus na comhlachtaí pobalbhunaithe cur i láthair ar an obair a bhí á déanamh agus conas mar a bhí siad ag feidhmiú ar na hoileáin agus sna ceantair ina bhfuil an Ghaeilge in úsáid mar ghnáth-theanga phobail.

Feidhmíonn an Comhlachas mar bhratchomhlacht do 30 comhlacht pobalbhunaithe agus is é príomhaidhm an Chomhlachais agus na gcomhlachtaí sin ná díriú isteach ar neartú agus cothú saoil sóisialta agus eacnamaíochta na gceantar oileánda agus tuaithe.

Dúirt an Comhlachas go raibh an maoiniú a bhfuair sé ón Rialtas íseal go leor agus ba é sin ceann de na deacrachtaí is mó aige. Bhí sé an-deacair feidhmiú go héifeachtach agus go leanúnach leis an méid airgid a bhfuair sé agus bhí géarghá le dóthain mhaoiniú a fháil i gcomhair chostais oifige, tuarastail, taistil, srl.

Cheap an Comharchumann agus an Comhlachas go rabhadar á gcoinneáil siar de bharr fadhbanna leanúnacha nach bhfuil á shárú, mar shampla:-

(1) Easpa chonartha Stáit don bhád farantóireachta;

(2) Rialacha a bhaineann leis an tobhach oibleagáide seirbhíse poiblí, a chuireann cosc ar eitiltí chuig agus ó na hOileáin Árann taobh amuigh de na hamchláir sa chonradh;

(3) Moill ar cheadúnas do mhonarchana feamainne;

(4) Fostaithe a choimeád ar na hOileáin Árann, agus fostaithe óga ar leith.

Dúirt an Comharchumann agus an Comhlachas go raibh staid leochaileach ag na tionscnaimh a bhí ag feidhmiú ar na hOileáin Árann agus bhí a mbuannacht go mór i mbaol an t-am go léir. Bhí stádas phleanáil teanga mar an gcéanna agus bhí sé an-deacair aon dul chun cinn a dhéanamh sa chomhthéacs sin. D'iarr siad ar an toscaireacht agus ar Choiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus na nOileán den Oireachtas labhairt ar a son agus dul i dteagmháil leis an Aire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta agus leis na hAirí ábharacha eile, chun cabhair agus cothrom na Féinne a fháil do na hOileáin Árann agus don Ghaeltacht in iomlán. D'iarr siad ar an gComhchoiste a iarraidh ar an Aire buaileadh lena n-ionadaithe agus maoiniú breise a phlé leo.

D’fháiltigh an Cathaoirleach go mór roimh an gcur i láthair agus roimh an eolas a cuireadh ar fáil don toscaireacht. Ghlac sí buíochas leis an gComharchumann, leis an gComhlachas agus leis na comhlachtaí pobalbhunaithe eile as an méid a bhí curtha i láthair acu. Bhí sí go mór den tuairim gurbh é easpa pholasaí agus fadhbanna chumarsáide croílár na bhfadhbanna. D’fháiltigh sí roimh plean a eascrófar as an gcruinniú agus mhol sí go mbuailfeadh an Comharchumann agus an Comhlachas leis an gComhchoiste taobh istigh de 6 mhí chun féachaint ar an dul chun cinn a bheadh déanta ar na hOileáin Árann. D’iarr sí ar an gComharchumann agus ar an gComhlachas na príomhphointí agus aon mholtaí a bheadh acu a chur ar aghaidh chuig an gComhchoiste chomh luath agus ab fhéidir.

Léirigh an Seanadóir Mullen spéis sna bhfoinsí airgeadais a bhí ar fáil don Ghaeltacht i gcomparáid leo siúd a bhí ar fáil do na ceantair taobh amuigh den Ghaeltacht. Cheistigh sé staid an turasóireachta ar na hOileáin Árann agus an tslí is fearr ab fhéidir í a fhorbairt lena leas.

Thug an Seanadóir Ó Clochartaigh le fios go raibh na ceisteanna agus na fadhbanna a cuireadh i láthair tar éis teacht chun cinn go minic cheana féin agus cé go raibh roinnt mhaith cainte agus moltaí déanta le himeacht na mblianta, ní raibh toradh ar bith orthu. Bhí sé thar a bheith in am gníomhartha éifeachta a chur i bhfeidhm. Bhí géarchéim ar na hOileáin Árann agus ar fud na Gaeltachta agus nárbh fhiú focail báúla do na pobail áitiúla níos mó.

Rinne an Seanadóir Ó Dómhnaill tagairt don Chreat Náisiúnta Pleanála agus d’iarr sé an raibh aon phlépháipéir nó plean réitithe ag na heagraíochtaí ar na hOileáin Árann maidir leis an gCreat Náisiúnta. Dúirt sé go raibh sé tábhachtach go mbeadh na hOileáin Árann agus na hoileáin eile timpeall an chósta san áireamh sa gCreat agus go mbeadh plean ar leith leagtha amach i gcomhair na n-oileán agus na n-oileán sa Ghaeltacht go háirithe.

Mhol an Teachta Dála O’Dowd do na heagraíochtaí ar na hOileáin Árann díriú ar na gnéithe seo a leanas: féachaint ar réitigh fadhbanna chomhchosúla in Albain, agus ar ghníomhaíochta breise chun daoine a mhealladh isteach ar na hoileáin. Mhol sé freisin na fadhbanna a nochtadh a chur faoi bhráid na Roinne Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta d’aon ghuth ó na hOileáin Árann. Bhí sé go mór den tuairim gurbh é seo an bealach b’éifeachtaí aird na Roinne a tharraingt ar riachtanais Oileáin Árann agus go bhféadfaí gnéithe nua a chur leis na héilimh seo de réir a chéile. Mhol sé do na hoileánaigh a bhfeisirí Eorpacha a choinneáil ar an eolas freisin.

Chuir an Seanadóir Joe O’Reilly ceist maidir leis na gcúiseanna a bhí leis an laghdú suntasach daonra ar na hOileáin Árann agus luaigh sé an tarraingt agus an mealladh a bhíodh ag na ceantair uirbeacha thar na ceantair tuaithe. Bhí dúshláin ar leith ag na hOileáin Árann agus iad ag iarraidh ar na hógánaigh dúchasacha fanacht ina gcónaí orthu agus an chéad ghlúin eile de chainteoirí dúchasacha a bhéarfar agus a thógfar iontu.

Chuir an Teachta Dála Tóibín ceist maidir leis an gcomhfhreagras idir an Comharchumann agus an Comhlachas agus An Teachta Dála Seán Kyne Uasal, An tAire Gnóthaí Gaeltachta agus Acmhainní Nádúrtha. Luaigh sé an luach a d’fhéadfadh a bheith le brandáil oileánda agus an focal ‘Árann’ a bheith mar chuid d’ainm tháirgí oileánda mar an fheamainn, bia farraige, cáis ghabhair, srl.

Bhí an toscaireacht den tuairim nach mbeadh leigheas ar an scéal gan caidreamh i bhfad níos láidre a bheith ann idir na Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí Stáit go léir agus na

heagraíochtaí áitiúla ar na hOileáin Árann. Cé go raibh dea-thoil á mhaíomh go minic ag an Rialtas i leith na Gaeilge agus na n-oileán sa nGaeltacht, níorbh leor na focail sin. Bhí géarghá le gníomhartha práinneacha a chur i bhfeidhm chomh luath agus ab fhéidir.

Thug an Comharchumann le fios gur scríobh sé chuig an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta maidir leis na ceisteanna éagsúla. Ach cé go raibh freagra faighte acu ón Aire Kyne bhí cumarsáid fós gan a bheith faighte acu ón Teachta Dála Heather Humphreys Uasal, An t-Aire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta.

Maidir leis an gCreat Náisiúnta, dúirt an Comharchumann go raibh plépháipéar á réiteach aige faoi láthair a bheadh réidh taobh istigh de chúpla mí agus go gcuirfear os comhair an Chomhchoiste é nuair a bheadh sé réidh.

D'aontaigh an Comharchumann, an Comhlachas agus na comhlachtaí pobalbhunaithe eile leis an méad a bhí le rá ag na Comhaltaí.

Dúradh go raibh daoine óga ag fágáil chun freastail ar chúrsaí oideachais tríú leibhéal agus gur sna mbailte móra don chuid is mó atá na hinstitiúidí seo lonnaithe. Luadh go raibh dúnadh mhonarchana agus easpa modhanna taistil chuig, agus ó na hOileáin Árann, mar chúiseanna freisin leis an meath daonra orthu.

Cé go raibh an-tacaíocht ann ó Chomhaltaí an Oireachtais, ní raibh an tacaíocht chéanna ann ón Rialtas. Bhí géarghá le nasc i bhfad níos dlúithe agus níos éifeachtaí leis na Ranna Rialtais éagsúla agus leis na gníomhaireachtaí Stáit, agus bhí ar an Rialtas polasaithe éifeachta a chur i bhfeidhm chun an Ghaeilge agus an saol Gaelach ar na hOileáin Árann agus ar fud na Gaeltachta a chosaint, a fhorbairt agus a láidriú ar bhonn leanúnach.

I gcomhair na foinsí airgeadais a bhí ar fáil don Ghaeltacht i gcomparáid leo siúd a bhí ar fáil do na ceantair taobh amuigh den Ghaeltacht, dúradh go raibh thart ar €2.3 milliún ar fáil go náisiúnta do na comharchumainn. Níorbh fhios an méad as an iomlán seo a bhí ag dul chuig na comharchumainn sa nGaeltacht.

Maidir leis an turasóireacht, dúradh go raibh luach €60 in aghaidh an lae, nó €100 thar oíche, do gach turasóir lae ar na hOileáin Árann agus gurb ionann seo agus ioncaim glan. As an 160,000 turasóir thar aon bhliain amháin, d'fhan thart ar thrian dóibh thar oíche. Mar gheall ar líon mór na turasóirí ag teacht chuig na hOileáin Árann, bhíodh éileamh mór ar áiteanna le fanacht agus bhíodh gá i gcónaí le tithe samhraidh breise. Ar an taobh eile den scéal, bhíodh líon an lucht freastail sna coláistí samhraidh ag titim gach bliain agus bhí gá dul i ngleic leis an bhfadhb sin láithreach agus an líon a ardú arís as seo amach.

3. Tograí Éagsúla

Thug an toscaireacht cuairt ar chuid de na tograí áitiúla a tháinig faoi bhráid an Chomharchumainn agus an Chomhlachais. Fuair an toscaireacht deis féachaint ar an obair a bhíodh ar súil agus ar na háisíneachtaí a bhain leis na tograí seo, mar aon leis an deis ceisteanna a chur ar an dtort agus eolas a fháil ar na tograí ar leith.

3.1 Páirc Spraoi agus Spóirt

Thaispeáin an Comharchumann agus an Comhlachas suíomh ar Inis Mór don Toscaireacht. Dúirt siad go raibh siad ag iarraidh páirc spraoi agus spóirt don oileán a fhorbairt ann. Bhí an suíomh seo an-oiriúnach mar bhí sé díreach in aice le Scoil Náisiúnta Chill Rónáin (bunscoil) ach ba é Comhairle Chontae na Gaillimhe úinéir an tsuímh agus ní raibh an Chomhairle sásta é a fhorbairt mar pháirc spraoi agus spóirt nó é a thabhairt don Chomharchumann agus don Chomhlachas chun sin a dhéanamh dóibh féin. In ionad sin, bhí an Chomhairle ag moladh tithe a thógáil ar an suíomh agus dar leis an gComharchumann agus an Comhlachas ní raibh an suíomh seo oiriúnach ar chor ar bith chun an fheidhm sin a bhaint as.

Páirc Spraoi agus Spórt Árann

3.2 Naíolann Árann

Thug an toscaireacht cuairt ar Naíolann Árann. Bhí an naíolann oscailte ag an am agus bhí na leanaí ag glacadh páirte in eachtraí éagsúla i seomraí deasa, compordacha agus áiseanna cuí ag na cúramóirí chun feidhmiú go héifeachtach. Ach dúirt an Comharchumann go raibh gá leanúnach le seirbhís mar seo a choimeád uasdátaithe ach bhí ganntanas airgid i gcónaí ann chun an naíolann a fhorbairt agus áiseanna nua-aimseartha a chur isteach ann.

Ar an suíomh céanna bhí sraith tithe a bheadh oiriúnach mar dhídean do dhaoine áirithe; daoine faoi mhíchumas nó daoine le fadhbanna maireachtála éagsúla. Bheadh na tithe seo an-oiriúnach i gcomhair scíth-thithíochta do na daoine sin. Ach bhí fadhbanna éagsúla ag baint le haon athrú úsáide a chur i bhfeidhm orthu.

3.3 Breosla Árann

Chonaic an toscaireacht an córas trínar dháileadh breosla do dhaoine ar Inis Mór. Is féidir daoine díosal a fháil ar an suíomh 24 uair sa lá, 7 lá sa seachtain. Nuair a d'oscail an suíomh ar dtús thug an Comharchumann an cinneadh gan ach díosal a sholáthar. Mar sin níl aon peitreal ar fáil ar an oileán agus tá na carranna agus na feithiclí eile ar an oileán ag feidhmiú ar díosal amháin. Níl malartú airgid tirime i gceist agus in ainneoin sin tá cárta dochar díreach eisithe do gach tomhaltóir ar an oileán agus íocann siad as an díosal sa tslí sin.

Tá an-rath ar an scéim agus chonaic an toscaireacht conas is féidir pobal áitiúil dul i ngleic le fadhbanna éagsúla ina shlí féin. Tá seirbhís riachtanach á cur ar fáil do mhuintir Inis Mór ar chostas measartha íseal agus mar sin is féidir leo feithiclí a bheith acu ar an oileán agus na deacrachtaí a bhaineann le breosla a iompar thar farraige agus nó costais bhreise a bhaineann leis sin a laghdú.

3.4 Ionad Athchúrsála

Chonaic an toscaireacht an tIonad Athchúrsála ar Inis Mór atá ag freastail ar na trí Oileáin Árann. Tá gach uile rud á athchúrsáil ar na hoileáin agus tá sé mar chuspóir ag an gComharchumann gach rud a thagadh chuig an Ionad a athchúrsáil ar na hoileáin féin mas féidir, agus gan aon rud a chur thar tír amach más féidir é a úsáid ar na hoileáin féin. Tá costais ag baint le rudaí mar sin a iompair agus tá sé i bhfad níos saoire agus i bhfad níos fearr don timpeallacht an bruscar go léir a athúsáid ar na hoileáin féin.

I measc na samplaí de na rudaí atá á dhéanamh acu ar na hoileáin, tá:-

(1) fuíollábhar orgánach á bhailiú (tonna meáchain in aghaidh na seachtaine), á phróiseáil go muirín agus an táirge críochnaithe á dhíol le daoine;

(2) gloine á bhailiú mar comhiomlán le gaineamh chun measca le coincréit chun cosáin agus bóithre a thógáil ar na hoileáin;

(3) páipéar á úsáid mar ghníomhaire toitrithe sa phróiseas chun múirín a dhéanamh;

(4) plaisteach, miotal agus rubar á sheoladh chuig an mórthír nuair nach féidir iad á athúsáid ar na hoileáin féin.

Tá an tIonad seo ag tabhairt fostaíochta do dhaoine áitiúla agus tá na táirgí atá ag teacht amach as an Ionad ag dul chun leasa na dtrí oileán, na daoine ar na hoileáin agus timpeallacht na n-oileán. Is sampla eile é seo don toscaireacht ar phobal áitiúil ag dul i ngleic ar a stuaim féin leis na dúshláin atá le sárú, agus bhí an-mheas ag an toscaireacht ar an Ionad féin agus ar an bhfadbhreathnaitheacht trína bhfuil sé á chuir i bhfeidhm.

3.5 Cé Chill Rónáin

Chonaic an toscaireacht an ché shínithe nua i gCill Rónáin a críochnaíodh in 2012. Is áis nua iontach í do Chill Rónáin, d'Inis Mór agus do mhuintir an oileáin.

Is port nua-aimseartha é port Chill Rónáin agus ba chuid de fhorbairt Chuan Chill Rónáin an tionscnaimh seo. Tá áiseanna éagsúla i bhfeidhm ann anois, ina measc iad seo a leanas:-

(1) Cé i gcomhair iascaireacht domhanda;

(2) Cé i gcomhair na mbád farantóireachta;

(3) An sean ché;

(4) Tonnchosc

(5) Fánán ag an tonnchosc i gcomhair lasta a dhíluchtú;

(6) Stáisiún bád tharrthála;

(7) Pontún ar snámh mar áis don Institiúid Náisiúnta Ríoga na mBád Tarrthála;

(8) taobh istigh den chuan

Mar chuid den obair a rinneadh, dreideáladh an cuan chun na taoide a éascú, tógadh balla farraige agus cuireadh soilse loingseoireachta ann. Cuireadh crann tógála ann freisin. Rinneadh míntíriú ar 13,200 méadar cearnógach mar áit le carrchlós agus áiseanna eile.

Ar Ché Chill Rónáin

Comhaltaí an Chomhchoiste (Ó chlé go deas): An Seanadóir Brian Ó Domhnaill, An Seanadóir Joe O'Reilly, An Teachta Dála Fergus O'Dowd, An Teachta Dála Catherine Connolly (An Cathaoirleach), An Seanadóir Rónán Mullen, An Seanadóir Trevor Ó Clochartaigh agus An Teachta Dála Peadar Tóibín.

4. Na Trí Mheánscoil ar na hOileáin Árann

Bhí cruinniú ag an toscaireacht le hionadaithe ó na trí scoil ar na hOileáin Árann; Gairmscoil Naomh Éinne (Inis Mór), Coláiste Naomh Eoin (Inis Meáin) agus Coláiste Ghobnait (Inis Oírr).

Thug na hionadaithe cur i láthair ar dhúshláin na scoileanna iar-bhunoideachais ar na cúig oileán sa nGaeltacht taobh amuigh de chósta na míntíre: Inis Mór, Inis Meáin agus Inis Oírr ar na hOileáin Árainn, agus Árainn Mhór agus Toraigh i gContae Dhún na nGall.

Thug na hionadaithe le fios go raibh scoileanna iar-bhunoideachais na n-oileán go mór i mbaol de dheasca fadhbanna maoiniúcháin agus easpa aitheantais don stádas ar leith a bhaineann le scoileanna na n-oileán nach ionann agus stádas 'scoileanna beaga' i gceantracha tuaithe eile ar fud na tíre. Tugadh mar shampla an dúshlán taistil a bhaineann leis na hoileáin ach go háirithe. Ba ghá iad seo a aithint ar leibhéal Rialtais má tá inmharthanacht na scoileanna oileánda le cosaint.

Luadh, mar shampla, nach bhfuil an leithdháileadh reatha do mhúinteoirí do na hoileáin dóthanach do scoileanna na n-oileán mar gur scoileanna le líon beag daltaí le foireann teagaisc srianta a bhí iontu. Is é an toradh ar seo ná nach féidir curaclam fóirsteanach a chur ar fáil agus is iad na scoláirí a bhíonn thíos go mór leis dá bharr. Mar chuid de réiteach na faidhbe moladh méadú ar an leithdheighilt choibhéise lánaimseartha ó dhuine amháin go beirt go leith; moladh é seo a chinnteodh curaclam feabhsaithe agus curtha in oiriúint dos na riachtanais oideachasúla oileánda, mar aon le deiseanna a chuir ar fáil d'imeachtaí seach-churaclam.

Dúshlán eile a bhaineann le scoileanna iar-bhunoideachais oileánda ná na rochtain ar fhoireann chuí atá cáilithe agus na deacrachtaí agus na costais breise a bhaineann le lucht foirne a mhealladh chun na n-oileán. Anuas ar seo, tá dúshláin ann freisin maidir leis na deacrachtaí atá ann stádas 'Comhionannas Deiseanna i Scoileanna a Sheachadadh (CDSS)' a bhaint amach do na scoileanna mar thoradh ar na míbhuntáistí ar leith a bhaineann le scoileanna oileánda.

Bhí na hionadaithe go mór den tuairim go raibh géarghá ann tabhairt faoi na dúshláin seo láithreach, go háirithe ón uair go gcuireann siad an teanga féin go mór i mbaol. Tugadh léargas ar na tionscnaimh a sháródh na fadbhanna reatha agus gurb fhiú luach dheontais breise de €590,000 iad.

D'fháiltigh an Cathaoirleach go mór roimh an gcur i láthair agus roimh an eolas a cuireadh ar fáil. Cheistigh sí na hionadaithe maidir lena dteagmhálacha leis an Aire Oideachais agus Scileanna agus ghlac sí buíochas leis na hionadaithe as an gcur i láthair agus as an eolas breise a sholáthraigh siad don toscaireacht. D'iarr sí ar na grúpaí éagsúla aon mholtaí a bhí acu a chur ar aghaidh chuig an gComhchoiste.

Luaigh an Seanadóir Ó Clochartaigh go mbeadh an Comhchoiste um Oideachas agus Scileanna den Oireachtas ag déanamh athbhreithniú ar leordheothanacht traenáil agus acmhainní atá ar fáil do sholáthraithe oideachas riachtanais speisialta i scoileanna CDSS roimh an tsamhradh agus mhol sé go mbeadh comhchruinniú ag an gComhchoiste sin agus ag Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus na nOileán den Oireachtais chun an ábhar seo a phlé.

Luaigh agus mhol an Seanadóir Rónán Mullen na féidearthachtaí a bhain le hoideachas-ar-líne. Dúirt sé go raibh sé an-oiriúnach do dhaoine a bhí ina gcónaí ar oileáin nó in áiteanna iargúlta.

Léirigh an Seanadóir Ó Domhnaill spéis sna scoileanna oileánda ag a raibh stádas CDSS acu agus d'iarr sé eolas breise ar na scoileanna seo agus an chaoi ina raibh tograí ar leith á chur sa tsiúil.

Chuir an Teachta Dála O'Dowd ceist maidir le hAlbain agus na teagmhálacha le grúpaí in Albain ag a bhfuil na dúshláin céanna. Mhol sé don ghrúpa labhairt le dreamanna sa tír sin chun féachaint ar chonas mar a thabhairt siadsan aghaidh ar na dúshláin.

Thug na hionadaithe le fios go raibh cruinniú acu le Richard Bruton TD, An tAire Oideachais agus Scileanna agus go ndúirt sé leo go gcuirfeadh sé an Roinn ar an eolas ar na pointí uile a ardaíodh. Mhol na hionadaithe go mbeadh aonad ar leith ann taobh istigh den Státchóras ar a mbeadh cúraim na n-oileán Gaeltachta agus go dtabharfaí le chéile na dreamanna ar fad atá freagrach as cinntí a dhéanamh maidir leis na hoileáin Ghaeltachta chun éisteacht a thabhairt do thoscaireachtaí ó na hoileáin éagsúla.

Ghabh an Cathaoirleach buíochas leis na hionadaithe as an gcur i láthair agus as an eolas breise a sholáthraigh siad don toscaireacht agus d'iarr sí orthu moltaí a chur ar aghaidh chuig an gComhchoiste i gcomhair na bealaí trínar bhféadfadh an Comhchoiste cabhrú leo.

Ghlac na hionadaithe leis an mholadh ón dTeachta Dála O'Dowd maidir le grúpaí in Albain agus dúirt siad go raibh teagmhálacha acu sa tír sin agus go ndéanfadh siad teagmháil leo.

Dúirt na hionadaithe go raibh tuairisc agus aighneachtaí curtha ó na coláistí chuig an Roinn Ealaíona, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta, agus cé nach raibh diúltaithe do na hiarratais ón ngrúpa áitiúl oileánda, ní raibh aon fhreagra oifigiúil tugtha go dtí seo. Cé go raibh dea-thoil agus polasaithe ann, níl siad á gcur i bhfeidhm chun leasa na bpobal áitiúla. Mhol siad toscaireacht a chuir ó na hoileán chun cur i láthair a dhéanamh le hionadaithe cuí ón Roinn agus ó na coistí éagsúla lena mbaineann.

Maidir leis na buntáistí a bhaineann le hoideachas-ar-líne, dúirt na hionadaithe go raibh úsáid bainte acu as an áis sin cheana féin ar an oileán agus gur éirigh go maith leis. Ach ainneoin na buntáistí dearfa a bhain leis, ní sháraíodh sé na fadhbanna ar leith a bhain le scolaíocht ar na hoileáin agus ní sháraíodh sé ceann de na fadhbanna is mó a bhíodh acu i gcónaí; is é sin líon srianta na foirne laistigh de na scoileanna féin.

Maidir leis na scoileanna a raibh stádas CDSS acu, dúirt na hionadaithe nár thit na cúig scoil iar-bhunoideachais oileánda faoi na gcritéir chun feidhm a bhaint as; is é sin, bhí líon na scoileanna ar na hoileáin ró-íseal agus bhí na critéir don stádas a fháil ródheacair. Ach bhí athraithe á ndéanamh agus bhí na hionadaithe ag súil le hathbhreithniú dearfa.

5. Dún Aonghasa

Chonaic an toscaireacht an obair a bhí déanta ar shuíomh Dhún Aonghasa chun an suíomh ársa seo a chosaint agus chun é a fhorbairt mar ionad turasóireachta.

Bíonn caomhantóirí agus seandálaithe ag obair ar an suíomh ar bhonn leanúnach chun é a chaomhnú agus chun eolas a fháil amach, chomh fada agus ab fhéidir, ar stair an séadchomórtha ársa seo agus ar na daoine a bhain feidhm as sa réamhstair.

Tá ionad cuairteoirí agus iarsmalann bheag ann freisin ag soláthar seirbhíse do na turasóirí agus ag soláthar post ar an oileán.

Thug an toscaireacht dá haire gur suíomh leochaileach a bhí i nDún Aonghasa agus mar sin go raibh sé riachtanach é a chosaint agus cothromaíocht a aimsiú idir a stádas lárnach i gcultúr agus stair na nGael agus a stádas mar ionad turasóireachta sa lá atá inniu ann.

Aguisín 1: Comhaltaí an Choiste

An Teachta Dála Catherine Connolly – Cathaoirleach

An Teachta Dála Pat the Cope Gallagher

An Teachta Dála Brendan Griffin

An Teachta Dála Fergus O'Dowd

An Teachta Dála Aindrias Ó Muimhneacháin

An Teachta Dála Bríd Smith

An Teachta Dála Peadar Tóibín

An Seanadóir Rónán Mullen

An Seanadóir Trevor Ó Clochartaigh

An Seanadóir Brian Ó Domhnaill

An Seanadóir Joe O'Reilly